# John Hume 1937-2020



Polaiteoir éirimiúil agus forásach ba ea John Hume a raibh baint ollmhór aige le hathruithe sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha na gCaitliceach i dTuaisceart Éireann. Mar aitheantas ar a chuid iarrachtaí bronnadh Duais Nobel na Síochána air sa bhliain 1998.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Féach ar an bhfíseán ar John Hume. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh John Hume i mBaile Átha Cliath | **B** | |
| Rugadh Hume sa bhliain 1927 | | |
| Bhí sé ina fheisire Parlaiminte sa Bhreatain agus san Eoraip | | |
| Bhí Hume ina cheannaire ar an bpáirtí polaitíochta SDLP | | |
| Chreid Hume san fhoréigean mar mhodh polaitíochta | | |
| Cuireadh Arm Mheiriceá isteach go Cathair Dhoire chun síocháin a choinneáil | | |
| Mharaigh Arm na Breataine 17 duine ar Dhomhnach na Fola | | |
| Ciallaíonn imtheorannú daoine a chur i ngeibheann gan triail | | |
| Bhí cainteanna ag Hume le ceannaire Shinn Féin, Martin McGuinness | | |
| Bhuaigh Hume Duais Nobel na hEolaíochta sa bhliain 1998 | | |

Anois, léigh an t-alt seo faoi John Hume agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

John Hume

Rugadh John Hume sa bhliain 1937 i gCathair Dhoire i dTuaisceart Éireann. An duine ba shine de sheachtar páistí, tógadh Hume ina Chaitliceach agus bhí a theaghlach beo bocht. D'oibrigh máthair Hume go dian mar bhean fuála nuair a chaill athair Hume a phost sa longchlós toisc gur Chaitliceach é. Bhí an t-ádh le Hume gur éirigh leis scolaíocht a fháil saor in aisce agus ghnóthaigh sé roinnt mhaith scoláireachtaí a chuidigh leis dul chomh fada leis an Ollscoil sna caogaidí. D'fhreastail sé ar Choláiste Phádraig, Má Nuad, agus cé nár ornaíodh ina shagart é bhain sé céim amach sa Fhraincis agus sa stair sa bhliain 1958.

D'fhill sé ar Chathair Dhoire ansin le bheith ina mhúinteoir meánscoile ina sheanscoil agus ba mhúinteoir den scoth é. Agus Hume ag fás aníos chonaic sé go raibh a phobal féin faoi chois go mór agus nár tugadh na deiseanna céanna do Chaitlicigh is a tugadh do Phrotastúnaigh. Ghoill sé go mór air nach raibh deis ag Caitlicigh iasachtaí bainc a fháil le gnólachtaí a thosú nó le tithe dá gcuid féin a cheannach. Mar sin, chuir sé tús le Gluaiseacht na gComhar Creidmheasa a chlaochlaigh saol na gCaitliceach ó thuaidh. Den chéad uair riamh bhí fáil ag Caitlicigh ar iasachtaí a bhí cothrom agus ar a leas féin. Bhí Hume bródúil as an obair radacach sin go deireadh a shaoil.

Bhí Hume ar dhuine de na daoine a bhunaigh Páirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre (SDLP) a sheas ar son na gCaitleacach sa pholaitíocht agus bhí sé spreagtha go mór ag Gluaiseacht na gCearta Sibhialta i Meiriceá a thosaigh Martin Luther King. Bhí Hume go huile agus go hiomlán i gcoinne an fhoréigin agus níor theastaigh uaidh modhanna troda a úsáid chun cearta na gCaitliceach a bhaint amach. Chreid sé sa tsíocháin agus i modhanna síochánta chun pobal scoilte an Tuaiscirt a thabhairt le chéile. Sheas sé amach dá bharr agus léirigh sé dá phobal féin gurbh fhiú caint agus díospóireacht seachas foréigean agus troid.

Togadh Hume ina Fheisire Parlaiminte sa bhliain 1969 agus rinne sé ionadaíocht ar son a phobail féin ag leibhéal an rialtais. Bhí sé an-ghníomhach sna hiarrachtaí a rinneadh síocháin a thabhairt go Tuaisceart Éireann le Comhaontú Sunningdale (1973), Comhaontú Angla-Éireannach (1985) agus Comhaontú Aoine an Chéasta (1998). Cáineadh go géar é toisc go ndeacaigh sé chun cainte le ceannaire na Gluaiseachta Poblachtánaí, Gerry Adams, ach trí na cainteanna sin d'éirigh leis a chinntiú go dtarlódh díchoimisiúnú arm IRA sa bhliain 2005.

Bronnadh Duais Nobel na Síochána ar Hume sa bhliain 1998 in éineacht le ceannaire Pháirtí Aontachtach Uladh David Trimble mar aitheantas ar an obair mhór a rinne siad Comhaontú Aoine an Chéasta a thabhairt chun beatha. Sna blianta deireanacha dá shaol theip ar shláinte Hume agus tháinig néaltrú air a chuir deireadh lena shaol polaitíochta. Níl amhras ar bith ann, áfach, ach gur fathach i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann é agus gur éirigh leis saol níos fearr, níos cothroime agus níos sábháilte a bhaint amach do phobal Thuaisceart Éireann trí chéile.

GLUAIS

Tuaisceart Éireann = 6 chontae ar oileán na hÉireann atá sa Ríocht Aontaithe
Scoláireacht = cúnamh airgeadais le hoideachas a fháil
Faoi chois = faoi leatrom
Gnólachtaí= comhlachtaí
Ionadaíocht = léiriú ar son duine eile
Fathach = pearsa mhór

Ceisteanna

1. Cén bhliain a rugadh John Hume?
2. Cén fáth a raibh teaghlach Hume beo bocht?
3. Cén chaoi ar éirigh le Hume sároideachas a bhaint amach?
4. Cén post a bhí ag Hume i dtosach?
5. Cén institiúid airgeadais a bhunaigh Hume a chuir cor i gcinniúint na gCaitliceach?
6. Bhí Hume ina cheannaire ar pháirtí polaitíochta. Cérbh é?
7. Ainmnigh trí chomaontú a raibh baint ag Hume leo.
8. Cén duine ar labhair Hume leis chun síocháin a bhaint amach?
9. An dóigh leat go raibh Duais Nobel na Síochána tuilte ag Hume?
10. An mbeadh meas agat ar mhodhanna polaitíochta Hume? Cén fáth?

Meaitseáil: Meaitseáil na príomhfhocail ar chlé leis an míniú cuí ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **Claonroinnt (Gerrymandering)** | Míchothrom |
| Comhaontú an Chéasta | Cogadh fada fuilteach i dTuaisceart Éireann idir náisiúnaithe agus aontachtaithe |
| Comhar Creidmheasa | Duine atá tofa ag an bpobal chun ionadaíocht a dhéanamh ar a son ag leibhéal rialtais |
| Domhnach na Fola | **Teorainneacha a athrú ar bhealach claonta chun buntáiste a thabhairt do phobal áirithe** |
| Leatrom | Lá tubaisteach nuair a maraíodh daoine a bhí ag siúl in aghaidh an imtheorannaithe |
| Gluaiseacht Cearta Sibhialta | Duine a chreideann gur cheart go mbeadh Éire aontaithe mar aon Phoblacht amháin |
| Na Trioblóidí | Na sé chontae ó thuaidh nach bhfuil mar chuid de Phoblacht na hÉireann |
| Feisire Parlaiminte | Feachtas a thug daoine le chéile chun a gcuid cearta a éileamh go síochánta |
| Tuaisceart Éireann | Duine a chreideann gur ceart go mbeadh Tuaisceart Éireann mar chuid den Ríocht Aontaithe |
| Aontachtaí | Aontú idir gach duine ó thuaidh agus ó dheas chun síocháin a bhaint amach do Mhuintir Thuaisceart Éireann |
| Poblachtánach | Banc cothrom atá cruthaithe ag an bpobal ar son an phobail. |

Bhí ról lárnach ag John Hume sa phróiséas síochána agus i bpolaitíocht Thuaisceart Éireann ag am an-chinniúnach. Seo deich bhfíric faoi Na Trioblóidí:

1. Is gá dul siar i bhfad sa stair le comhthéacs na dTrioblóidí a thuiscint. Cruthaíodh aighneas ann le linn ré na bPlandálacha nuair a baineadh talamh ó na Caitlicigh agus tugadh do Phrotastúnaigh é.

2. Sa bhliain 1921 scoilteadh Éire go hoifigiúil. Rinneadh Poblacht na hÉireann de 26 contae ach fágadh 6 chontae i dTuaisceart Éireann faoi réimeas na Breataine.

3. D'fhás aighneas ó thuaidh i measc na náisiúnach (Caitlicigh den chuid is mó) a bhí ag iarraidh a bheith mar chuid de Phoblacht na hÉireann agus Aontachtaithe (Protastúnaigh den chuid is mó) a bhí sásta fanacht faoi réimeas na Breataine.

4. Bhí an saol ó thuaidh an-mhíchothrom ar Chaitlicigh. Ní raibh na cearta céanna acu agus a bhí ag Protastúnaigh. Chruthaigh seo a lán bochtanais i measc na gCaitliceach.

5. Thosaigh teannas uafásach ag eascairt as na cúinsí sin agus sna 1960dí bhris Na Trioblóidí amach. Bhí foréigean mar chuid laethúil de shaol Thuaisceart Éireann. Fuair na mílte duine bás i mbuamaí, in ionsaithe agus i dtubaistí feadh an chogaidh.

6. Tháinig saoroideachas isteach sna 1940dí a thug deis do Chaitlicigh den chéad uair riamh oideachas a chur orthu féin. Thosaigh Caitlicigh ghairmiúla ar cuireadh oideachas orthu ag éileamh cearta den chéad uair ansin sna 1960dí agus sna 1970dí. Bhí John Hume ina measc.

7. Rinneadh roinnt iarrachtaí thar na blianta teacht ar chomhréiteach agus síníodh cúpla comhaontú idir grúpaí éagsúla ó thuaidh, ó dheas agus sa Bhreatain ach níor tháinig deireadh le foréigean uafásach na dTrioblóidí i gceart go dtí 1998 nuair a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta.

8. Ba chasadh ollmhór é nuair a rinneadh díchoimisiúiniú ar an IRA sa bhliain 2005 freisin. Bhí deireadh leis an doirteadh fola agus leis an sléacht.

9. Tá cúrsaí i dTuaisceart Éireann i bhfad níos fearr anois ná mar a bhí fiú fiche bliain ó shin ach níl cúrsaí polaitíochta socair ann go fóill. Níor shuígh rialtas in Stormont idir na blianta 2022-2024.

10. Anois agus arís, briseann aighneas amach idir an dá phobal go fóill ach réitítear na deacrachtaí seo le caint agus le comhréiteach seachas le foréigean agus fuil.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta